Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Iúil 2021**
**(OR. en)**

**10210/1/21**
**REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0100(COD)**

**CODEC 974**
**ECOFIN 650**
**CLIMA 162**
**FIN 528**
**ENV 461**
**ENER 301**
**COMPET 512**
**CADREFIN 347**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an tsaoráid iasachta don earnáil phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 28 Bealtaine 2020, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], bunaithe ar Airteagail 175(3), agus 322(1) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 18 Meán Fómhair 2020[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a eisiúint.

4. Thug an Chúirt Iniúchóirí a tuairim uaithi an 24 Meán Fómhair 2020[3].

[1] 8412/20 + ADD 1-2
[2] IO C 429, 11.12.2020, lgh. 240–244
[3] IO C 373, 4.11.2020, lgh. 1-5

5. An 24 Meitheamh 2021, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

6. Tá an ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle leagtha amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo.

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe dá bhrí sin an méid a leanas a dhéanamh:

- a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE- CONS 33/21 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo;
- a chinneadh go ndéanfar an ráiteas comhpháirteach, dá dtagraítear i mír 6 den nóta seo, a fhoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

8. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

[4] 10062/21